

Roinn na Nua-Ghaeilge

An Chéad Bhliain

BA; BA Idirnáisiúnta; BA (Ceol); BComm (Idirnáisiúnta) le Gaeilge;
B.Oid. (Staidéar Spóirt); BCLGA; BEd(Gaeilge); BAEN; BAWL;
BACRM; BAFX; BAO

FÁILTE

Fearaimid fáilte ó chroí romhat go Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Gabhaimid buíochas leat as an Nua-Ghaeilge a roghnú mar ábhar ollscoile, agus guímid gach aon rath ort i do chúrsaí ollscoile go léir.

Teagasc agus Foghlaim

GA1003

Ar bhonn léachtaí agus ranganna beaga a dhéantar an teagasc sa Nua-Ghaeilge. Teagasc measctha a bheidh ann i mbliana: beidh léacht amháin in aghaidh na seachtaine ar an gcampas ag mic léinn, agus cuirfear na léachtaí eile ar fáil ar líne trí Canvas. Chomh maith leis sin beidh rang teagaisc ar an gcampas ag tosnú an tseachtain dar tús an 25 Deireadh Fómhair.

Toisc teora mac léinn in aon tseomra a bheith i bhfeidhm ar chúiseanna sláinte, beidh na léachtaí **ar fad** ar líne i seachtain 1 (27 Meán Fómhair). Ó sheachtain 2 amach (4 Deireadh Fómhair), déanfar dhá ghrúpa den rang (Grúpa 1 & Grúpa 2) agus beidh léacht amháin ar an gcampas ag gach grúpa gach seachtain. Ar líne a bheidh na léachtaí eile. Cuirfear sonraí na ranganna teagaisc ar fáil níos déantaí sa tseimeastar.

In accordance with public health guidelines the number of students permitted to be in a room at any given time is limited and therefore all GA1003 lectures will be online in week 1 (27 September). From week 2 on (4 October) the class will be divided into two groups (Grúpa 1 & Grúpa 2), and each group will have one on-campus lecture per week. All other lectures will take place online. Details of the language tutorials will be made available later in the semester.

Ár leathanach Twitter ná: @NuaGhaeilgeUCC

Moltar duit cuairt a thabhairt ar Leabharlann Boole go luath, agus tú féin a chur ar an eolas i dtaobh cá mbíonn fáil ar na leabhair Ghaeilge (an 3ú urlár).

Sa chéad bhliain duit, beidh deis agat foghlaim a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de stair, de litríocht, agus de theanga na Gaeilge.

Má roghnaíonn tú an Ghaeilge mar ábhar céime ar ball, tógfar ar an mbuneolas seo sa dara agus sa tríú bliain ionas go mbeidh saineolas ar an nGaeilge agus ar chultúr dúchasach na hÉireann agat i ndeireadh thréimhse do bhunchéime. Cuirfidh an saineolas seo go mór le cibé treo gairmiúil inar mhaith leat gabháil ina dhiaidh sin, go háirithe maidir leis an teacht i láthair a bheidh ionat i gcúrsaí gnó, cultúir, múinteoireachta, turasóireachta, nó a leithéid eile.

Má éiríonn go maith leat sa chéim, beidh deis agat, gan amhras, iarchéim a dhéanamh sa Ghaeilge, más é is mian leat.

CÚRSAÍ GAEILGE na CHÉAD BHLIANA

Teanga, litríocht agus cultúr na Gaeilge is ábhar do chúrsa na chéad bhliana. Seo cuntas gairid ar an gcúrsa agus ar na coinníollacha a ghabhann leis.

GA1003

Aon mhodúl amháin, **GA1003**, ar fiú **cúig creidiúintí déag (15)** é, atá i gcúrsa na chéad bhliana. Tá dhá thaobh air, mar seo:

Gnéithe de Shaol agus de Litríocht na Gaeilge

Bainfear úsáid as téacsanna gairide ó litríocht thraidisiúnta na Gaeilge le solas a chaitheamh ar ghnéithe áirithe de chultúr na Gaeilge in Éirinn. Féach an Leabharliosta thíos. Beidh léacht amháin (roinnte ina ceithre chuid) ar siúl **ar líne** gach seachtain ar ábhar na coda seo den chúrsa. Beidh na léachtaí seo ar fáil ar Canvas idir 9:00 Dé Luain agus 5:00 Dé hAoine i rith na seachtaine lena mbaineann siad.

Ceart na Gaeilge idir Scríobh agus Labhairt

Scríobh agus labhairt na Gaeilge is cúram don chuid seo den mhodúl. Beidh léacht ghramadaí ar an gcampas uair sa tseachtain ag mic léinn léinn agus cuirfear ábhar na léachtaí ar fáil ar Canvas gach seachtain chomh maith. Déanfar measúnú leanúnach ar an obair seo: beidh scrúduithe gearra le déanamh i rith na bliana. Is fiú **40 marc** na scrúduithe seo san iomlán. Beidh scileanna teangan á gcothú sna ranganna teagaisc. Socrófar ar ball iad agus cuirfear tús leo i seachtain 5 (25 Deireadh Fómhair). Cuirfear in úil don rang é an túsce a bheidh siad socair, agus beidh fógraí agus eolas cláraithe le fáil ar Canvas. Féach an Leabharliosta thíos. Múinfeadh an chuid seo den mhodúl mar leanas:

- 1) **Léachtaí:** * Dé Luain 10 – 11 a.m. i Boole 3 (Grúpa 1)
*Dé Céadaoin 10 – 11 a.m. Boole 4 (Grúpa 2)

*Ní bheidh cead ag mic léinn freastal ach **ar cheann amháin** acu seo agus cuirfear eolas faoi seo ar fáil ar Canvas.

- 2) **Ranganna Teagaisc:** Le socrú. Cuirfear eolas ar Canvas ina thaobh seo.

Tá cuntas iomlán ar na modúil ar fad sa suíomh idirlín:
<https://www.ucc.ie/modules/descriptions/page029.html#GA1003>

TREORACHA DON RANG TEAGAISC

Déanfar ceacht in aghaidh na seachtaine bunaithe ar théacs sa rang.

Tá sé an-tábhachtach go bhfreastalóidh na mic léinn na ranganna teagaisc.

SCRÚDUITHE AGUS MARCANNA

Gnéithe de Shaol agus de Litríocht na Gaeilge

Tá **100 marc** ar fad ag dul air seo (**marc an phais: 40/100**). Scrúdófar é i bhfoirm scrúdú scríofa (3 huair an chloig) a chuirfear ar siúl i mí Aibreáin nó i mBealtaine 2022.

Ceart na Gaeilge idir Scríobh agus Labhairt

Tá **200 marc** ar fad ag dul air seo.

- Is fiú **40 marc** na scrúduithe gearra (**marc an phais 16/40**).
- Cuirfear **Scrúdú Cainte** (50 marc) ar siúl i mí Aibreáin 2022, agus ní mór páirt a ghlacadh sa rang teagaisc i rith na bliana chomh maith (10 marc) (**marc an phais 24/60**).
- Cuirfear Scrúdú Scríofa Teanga (1½ uair an chloig) ar siúl i mí Aibreáin nó i mBealtaine 2022 **ar fiú 100 marc** é (**marc an phais: 40/100**)

Scrúduithe an Fhómhair

Don té atá ag dul faoi scrúdú GA1003 arís san fhómhar beidh ceithre chuid ann arís, agus caithfear iad go léir a dhéanamh.

- 1) Páipéar teanga agus gramadaí 1½ uair an chloig
- 2) Páipéar litríochta 3 huair an chloig
- 3) Páipéar breise 1 uair an chloig in ionad cuid na hoibre seachtainiúla.
- 4) Scrúdú cainte.

An marc is airde is féidir a bhaint amach de ghnáth i scrúdú an fhómhair ná marc an phais: 40%.

BEd Gaeilge (le teanga eile nó matamaitic)

Beidh dhá mhodúl bhreise le freastal ag mic léinn chéim an BEd Gaeilge (le teanga eile nó Matamaitic)

GA1008 An Nua-Litríocht

Seimeastar 1 & 2: dhá léacht ar an gcampas in aghaidh na seachtaine.

Marc ar fad 200: Scrúdú Scríofa Foirmiúil 100 marc; An obair a dheanfaí i gcaitheamh na bliana 100 marc (Aiste 50 marc agus Scrúdú Ranga 50 marc).

GA1009 An Ghaeilge Bheo

Seimeastar 1: léacht amháin ar an gcampas in aghaidh na seachtaine.

Marc ar fad 100: Scrúdú Scríofa Foirmiúil 100 marc - 1 x páipéar 1.5 (h)uair(e) an chloig le déanamh sa Gheimhreadh 2020.

Scrúduithe an Fhómhair GA1008 & GA1009

GA1008

Scrúdú Forlíontach: 1 x páipéar 1.5 (h)uair(e) an chloig, (aiste agus páipéar breise in ionad an scrúdaithe ranga le déanamh san Fómhar 2022, má theipeann ar an mac / iníon léinn in aon chuid díobhsan den mheasúnú).

GA1009

Marc ar fad 100: Scrúdú Scríofa Foirmiúil 50 marc; An obair a dhéanfaí i gcaitheamh na bliana 50 marc (aiste bunaithe ar an deireadh seachtaine sa Ghaeltacht).

AN LIOSTA LÉITHEOIREACHTA

Gnéithe de Shaol agus de Litríocht na Gaeilge

Leabhair Léitheoireachta:

B. Ó Cuív (eag.), *A view of the Irish Language* (1969)

J. E. C. Williams agus M. Ní Mhuiríosa, *Traidisiún liteartha na nGael* (1979)

Ceart na Gaeilge idir Scríobh agus Labhairt

Téacsleabhair:*

Éamonn Ó Dónaill, Gramadach Gan Stró, eagrán 4 (2016)

N. Ó Dónaill, *Gearrfhoclóir Gaeilge – Béarla* (1981)

Tá teacht ar fhoclóirí ar líne anseo: <https://www.teanglann.ie/ga/> agus <https://www.focloir.ie/>

***N.B. Caithfidh cóip de na téacsleabhair a bheith ag gach mac léinn. Tá fáil orthu sa siopa leabhar in Áras na Mac Léinn.**

An Fhoireann

In **Áras Uí Rathaille** atá Roinn na Nua-Ghaeilge suite; mar seo a thiocfar ar oifigí agus ar léachtóirí:

Oifig na Rúnaithe: Seomra G.22

Léachtóirí agus Teagascóirí: féadfar teagmháil a dhéanamh leo trí Canvas.

Saol na Gaeilge

Is fiú d'aon mhac léinn le Gaeilge baint a bheith aige nó aici le cumann Gaelach na mac léinn, *An Chuallacht* (anchuallacht@uccsocieties.ie). Molaimid, chomh maith, *An Cumann Drámaíochta* (cumann@uccsocieties.ie). I mbliana, moltar do mhic léinn súil a choimeád ar imeachtaí na gcumann seo sna meáin shóisialta.

Moltar duit aird a thabhairt ar na meáin Ghaeilge, go háirithe TG4, Raidió na Gaeltachta, agus an nuachtán *Foinse* (www.foinse.ie).

Change of Subject – First Year Arts programmes

Changes to First Year subjects will be allowed, provided subject prerequisites are met, up to **four** working weeks after the formal start date of Semester 1

- The **online facility** (<https://mystudentadmin.ucc.ie/>) for making changes to subjects will only be open for the **first two working weeks** of Semester 1
- Subsequent changes are allowable for a **further two weeks** but must be processed manually through the Student Records and Examinations Office, First Floor, West Wing of the Quad
- Changes for FETAC and Mature students and any other student not presenting with a Leaving Certificate, must be processed manually through the College of Arts, Celtic Studies and Social Sciences Office, G31, O'Rahilly Building.

No change in registration will be allowed after these deadlines.